The Catholic Children's Religious Primer.
Pádraic Denn
1858

3 1761 07135116 7


BV
269
I7D4
1858

THE

CATHOLIC CHILDREN'S RELIGIOUS PRIMER,

CONTAINING

THE PRAYERS, &c.,

NECESSARY FOR THE INSTRUCTION OF YOUTH, & EVEN FOR THE ADULT;

ALSO

THE LORD'S PRAYER,

AND THE

PRINCIPAL PARTS OF THE MASS EXPOUNDED.

WITH THE

ROSARIES AND LITANIES OF JESUS, MARY, AND JOSEPH; THE ROSARY FOR THE DEAD; AND THE RECOMMENDATION OF A SOUL DEPARTING, &c., &c.

BY PATRICK DENN, CAPPOQUIN.

CORK

PUBLISHED BY D. MURPHY,

36, PATRICK-STREET.

1858.

CORK:—PRINTED BY J. ROCHE, 36, CUSK-STREET.

Mícéal Ó Cronan

205 Sráid Madagan

Rabhac Nuad

26th de'n deicimhad 1771

1843

THE

CATHOLIC CHILDREN'S RELIGIOUS PRIMER,

CONTAINING

THE PRAYERS, &c.,

NECESSARY FOR THE INSTRUCTION OF YOUTH, & EVEN FOR THE ADULT;

ALSO

THE LORD'S PRAYER,

AND THE

PRINCIPAL PARTS OF THE MASS EXPOUNDED.

WITH THE

ROSARIES AND LITANIES OF JESUS, MARY, AND JOSEPH; THE ROSARY FOR THE DEAD; AND THE RECOMMENDATION OF A SOUL DEPARTING, &c., &c.

BY PATRICK DENN, CAPPOQUIN.

CORK:
PUBLISHED BY D. MULCAHY,
36, PATRICK-STREET.

1858.

BV
269
T7 D4
1858



ENTERED AT STATIONERS' HALL.

ADDRESS.

DEAR READER,

I have in the following pages laid before you the true manner of reciting those prayers commonly taught to Catholic Children. There have been many disputes among Catechists in regard to the real and true manner of teaching those prayers; some assuming one way, and others, another way, by which they have often confused the children, and left them in doubt of the true way. In order to set aside such disputes I have taken this trouble on myself, to begin with the Lord's Prayer, and continue until I finish the Acts of Faith, Hope and Charity. Afterwards I have expounded the seven petitions of the Lord's Prayer, and the different parts of the Mass, as not being in any of the small Catechisms, either in English or Irish. This little book, however trifling it may appear, will be found of the utmost importance: both the catechist and the pupil will profit by perusing it. Had this book been in general circulation throughout Ireland, the people would be well instructed in their prayers, and they would have

a greater respect for the awful ceremonies of the Holy Sacrifice of the Mass, and endeavour to hear it with more zeal and attention. This book, also, will be of great use to School-masters who may not be well able to teach the children their prayers as they should be taught. As Irish Catechisms are to be had in every town, I think it needless to add any part thereof to this little book, as they are both easy and plain to every country scholar who can read English. I have also added, the Rosaries and Litanies of Jesus, and the Blessed Virgin Mary, and Beads and Litany of Saint Joseph, &c.; the Rosary and Litany for the Dead, and the Recommendation of a Soul departing. I hope all will be pleasing to the public, and merit me a share in their prayers, which I earnestly request.

I am the true Catholic's

Humble and devoted Servant,

P. Denn.

AN PHAIDIR.

Ar Nathair ata air Neamh, go naomhuighthar tainim; go dtaga do Riogheacht; go ndeantar do thoil air talamh mar deantar air Neamh. Tabhair dhuinn a niumh ar naran laetheamhuil; agus maith dhuinn ar gcionta, mar mbaithmid do chach do chionntuigheas 'nar naghadh. Agus na leig sin a dtemtasun, (geathughadh;) ach saor sinn o Olc. Amen.

Failte an Aingil.

Go mbeannuighthar duit a Mhuire, lan 'do ghrasa, ata an Tighearna ad tfhochair is beanuighthe thu idir Mhna, agus is beanuighthe tore do bhroinn, IOSA. A Naomh Mhuire, a Mhathair De, guig orninne na Peacuig, a nois, aguis air uair ar mbais. Amen.

Creud na Nabsdol.

Creidim an Dia an Tathair uile chomhachtach, Cruthuightheoir Neimhe agus Talmhan, agus an Iosa Criost, a aon Mhac sin ar dTiarna; gabhag o'n Spioraid Naomh, do rugag o Mhuire Oigh, d'fulang Pais faoi Phonsis Pilaid, do ceusag air a Gcrois, do fuair bas, agus do hadhlacadhag; do chuaidh sios go hIfrionn; d'eirghidh an treas la o mharuibh; do chuaidh suas air Neamh; agus ata na shuidhe air dheis laimh De an Tathair uile chomhachtach; as sin tiocfas aig tabhairt breitheamhnas air bheodhaibh agus air mharuibh. Creidim anso Sprid Naomh; an naov Eagluis Chatoilice; Cumann na Naomh; Maitheamhnas na bpeacuidhe, Eiseirghe na Colla, agus an bheatha Shiorruidhe. Amen.

An Faoisdin Generalta.

Admhuighim do Dhia Uile chomhachtach, do Mhuire naomhtha ata riamh na hOigh, do Mhichael naomhtha Ardaingeal, do Eon naomhtha Baisde, do na hAbsdolaibh naomhtha Peadair agus Pol, do na Naoimh uile, (agus duitsi a Athair,) gur pheacuigheas go ro mhor, le smuaineadh, le breithear, agus le gnomh, tre mo choir fein, tre mo choir fein, tre mo mhor choir fein.—Air an adhbhar sin, impidhim air Mhuire naomhtha, ata riamh na hOigh, air Mhicheal naomhtha, Ardaingeal, air Eon naomhtha Baisde, air na hAbsdolaibh naomhtha Peadair agus Pol, air na Naoimh uile, (agus ortsa, a Athair,) guidhe chum ar dTiaghearna Dia air mo shon.

Go ndeinidh Dia Uilechomhachtach trocuire orm, agus mo pheacaidhe do mhaitheamh dam, agus me thabhairt chum na beatha shioruidhe. Amen.

Go dtuga an Tighearna Uilecomhachtach trocuireach Pardun, Asboloid agus maitheamhnus am pheacuidhe uile dham. Amen.

Deith Naitheanta De.

1. Mise do Thiarna Dia, na bioch aoin Dia agad achd Me.
2. Na tabhair ainim De gan adhbhar.
3. Coimead an tSaoire mar is coir.
4. Tabhair dod Taithair agus dod Mhathair onoir.
5. Na dein Marbhugh. 6. Goid. 7. Na druis.
8. Na fiaghnuise breige an aon chuis.
9. Na sanntaidh bean, nach leat fein.
10. Clann Duine eile, na Airneis.

Se Aitheanta na hEagluise..

1. Aifrion d'eisdeacht gach uile Dhomhnach agus laetheanta Saoire fogurtha.
2. Trosga an Charghios do dheunadh go glan treunas air fheoil Diahaoine agus Dia Sathruin agus laetheanta uile do gnaith.
3. Faoisidin glan na bpeacuidhe do dheunadh an chuid is lugha dhe uair sa mbliadhain.
4. Sacramint beanuighthe Chorp naomtha an Tighearna do ghlaca air dheidh staid am Chaisg no timchiol na Casga.
5. A gceart fein do dhiol leis an Eagluis.
6. Gan ceangal posa do dheunadh o'n gceud Domnach don Advent go la an chinn an da la dheug, na o Mhairt-Inide go Domhnach iar Gcasga, na le gaodhalta toirmiosgithe.

Na seacht bpeacaidhe Marbhtha.

Uabhar, Saint, Druis, Craos, Fearg, Formad agus Leisge.

Na Seacht Subhailcidhe re na gclaitear na seacht bPeacaidhe Marbhtha.

Umhluigheacht, Feile, Geanamnuigheacht, Measardhacht, Foighid, Searc-choman, agus Caon-duthracht.

Na se pheacaidhe anagha an Spioraid Naomh.

Eudochas Slanuighthe, Andochas as Trocaire De, Cur angha na Firine as a Riocht, Formad fa mhaith spriodalta dhuine eile, Calcadh anso pheaca, agus Neamh aithridhe re linn Bais.

Na Cheithre Pheacaidh d'eigheas air Dhia aig iara Dioghaltuis.

Dunmharbhadh toiltheanach, Peaca Sodoim, (Druis mhionadurtha na colna) Leathrom do dheunamh air na Boicht, agus a dTuarasdal do chongbhail o lucht Oibre.

Na Seacht Sacraminte.

Baisdeadh, Dul faoi laimh Easbuig, Corp Chriosd, Aithrighe, Ola dheidheanach, Ord beannuighthe, agus Posa.

Na seacht nOibreacha Corpartha na Trocuire.

Biadh, thabhairt don Ocrach, Deoch don Tartmhar, Eadach don Nochd, Osdiach don Deoruidhe, Dul aig fiosrugha na bPriosunach Fechuint na nDuidhne tinne, agus dul aig adhlacan na Marbh.

Na seacht nOibreacha Spioraidalta na Trocuire.

Dea-chomhairle do thabhairt dod chomarsa. Olus don Anbhfiosach. Teagusg air a leas don Pheacach. Solas do chur air Dhuidhne craidhte buartha. Gach Easonoir da bhfaighir do mh aitheamh. Gach Buairt d'iompar go foighdeach. Agus guidhe air bheoibh agus air mharbhimh.

Na seacht dTaidhlicidhe an Spioraid Naoimh.

Tuigse, Eagna, Comhairle, Neart, Foghluim, Diagasulacht, agus Eagla an Tighearna.

Na da Thorthudh dheag an Spiorad Naoimh.

Carthanacht, Luchair, Sichain, Foighde, fadfhulang, maitheas, deachroidheacht, ceannsacht, creidiomh, macantacht, banumhlacht, agus geanamnuidheacht.

Na hOcht nDrongadh Beannuighthe.

1. Is beannuighthe na boicht a Spioraid; oir is leo Rioghacht Neimhe.
2. Is beannuighthe na Daoine ceannsa; oir is leo seilbh na talmhan.
3. Is beannuighthe luchd an dolais; oir gheobhid siad Compord.

4. Is beannuighthe an drong air a mbion ocrůs agus iodhta an chirt; oir ghoid a sasav.
5. Is beannuighthe an drong trocuireach; oir ghcobhid trocuire.
6. Is beannuighthe an drong glan-croidheach; oir chidhfid Dia.
7. Is beannuighthe lucht deanta na sichana; oir goirfidhear clann De diobh.
8. Is beannuighthe an drong fhuilingeas gearleanuint air son an fioraontachd; oir is leo san Riogheacht Neimhe.

Althu roimh Biadh.

Beannuig, a Thiarna an oiliunt seo as mein linn a ghlaca chum ar neartu chum do sheirbhise. An ainim an Athar, &c.

Tar eis Biadh.

Bheirmid baochus duit a Thighearna fa'n oiliunt seo thugais duinu; tabhair duinn mar ghrasa ar saodhal, ar slainte agus ar neart do chaithiomh chum do sheirbhise. An ainim an Athar, &c.

URNUIGH ROIMH NA GNIMH.

Tabhair duin a Dhia shioruidhe uilechomhachtach breis Creidimh, Dochuis, agus Carthanacht; agus chum go m'fhiu sin gach ni gheallan tu duin d'fhaighil, tabhair duin grasa chum gach ni d'orduighean tu do ghradha, tre Iosa Criost, ar dTighearna. Amen.

Gniomh Creidimh.

O a Thighearna, creidim gach uile nidhe do chreideas agus choingios an Naomh Eagluis Chatiolice Romhanach, agus go harithe gach uile nidhe ata anmnithe a Gcre na nAbsdal, do

bhrigh gur fhoillsis fein duinn iad. Creidim go speisialta an aon Dia amhain, a dtri bpearsanuibh, an Tathair, an Mac, agus an Spioraid Naomh. Creidim gur ghlac an Mac le oibriugh an Sprid Naomh collan daona fa bhroinn na Maighdine Muire, gur fhulang se bas air Chrann na Croise air ar son, gur eihrig an treas la o mharuibh, go ndeamhuig suas air neamh, go bhfuil na shuidhe air deis laimh De, go dtiocfe as san a ndeire an tsaodhil chum breitheamhnus do thabhairt air gach naon do reir a noibreacha, go dtabharthuig an beatha shioruidhe mar luacht saothair do na deadhdhaoine, agus pianta siorruidhe a dtinne Ifrinn do na droch dhaoine. Creidim mar an gceadhna, as a mhor ghradha dhuinne, gur fhag se a chuid feola agus fola mor luach, a anam agus a dhiadhact aguin mar lon spioraidalta aig ar nanamnacha ann Sacramint ro naomhtha na hultora, agus gur fhag se comhochta aig an Eagluis Chatoilce ar bpeacuidhe mhaithiomh duinn : Ata aigne dhingmhalta agam a Thighearna mareachtuin agus bas dfhaighil san gcreidiomh so, le comhna da mhor ghrasa.

Gniomh Dochuis.

O a Thighearna ata muinin agus dochus laidir agum tre do mhor throcuire fein, agus tre phais agus bhas ar Slanaightheoir Iosa Criost, go dtabharfe tu grasa agus trocuire, agus maitheamhnas am pheacuidhe dham san tsaodhal so, agus an bheatha shiorruidhe san tsaodhal ata le teachd, do bhrigh gur ghealuis iad do na daoine chuireas a muinin agus a ndochus ionut go hiomlan, ma dheinim deaoibreacha, noch do ghealuim duit anios do dheanamh le comhna do naomh grasa.

Gniomh Gradha agus Croidhebhrugha.

O a Thighearna gradhim thu os cionn gach uile nidhe, do bhrigh go bhfuil tu ro ghradhmhar, ro thaithniomhach, agus ro mhaith ionut fein; ata gradha agam dom chomharsa agus beig do ghnaith mar me fein air do shonsa; ata gradha chomh mor san agam duit, gur tuisge do sgarfinn leis an saodhal go leir na do sgarfinn leat, do bhrigh go ndeanan an paca marbh an duine do sgaruint leat; ata cathugh agus doilios croidhe chomh mor san oram tre fheirg do chuir riamh ort leis an bpeaca go bhfuil aigne dhingmhalta agam le comhna do naomh ghrasa, gan tuitim ann as so suas, agus ocaid an pheaca do sheachuint go brach aris.

Urnuighe an Tighearna minighthe.

C. Ca mheid athchuingeadha san bPaidir?

F. Ataid seacht nathchuingeadha.

C. Abair an chead athchuinge.

F. 'Ar nAthair ata air Neamh go naomhuighthar tainim.'

C. Creud iarramaoid sa nathchuinge sin?

F. Iarramaoid aithne agus eolus a bheith air Dhia air fuaid an domhuin uile; agus onoir moladh, agus gradha, do thabhairt dho tre shaodhal na shaodhal.

C. Cia hiad do naomhas ainim De?

F. An dream do chreides agus do gheileas do.

C. Cia hiad do mhasluigheas ainim De?

F. An dream do bhriseas a dhlighe, no do pheacuigheas anaghaidh aitheanta De.

C. Creud iarramaoid san dara athchuinge, 'go dtaga do Riogheacht'?

F. Iarramaod air Dhia, a ghrasa do dhortadh

ann ar gcroidhthibh san tsaodhal so agus gloire shiorruidhe do thabhairt dhuinn san tsaodhal eile.

C. Creud iarramid san treas atchuinge, 'go ndeantar do thoil air talamh mar deantar air Neamh'?

F. Iarramoid air, grasa do thabhairt duinn chum a thoil do dheanamh san tsaodhalso, mar do nid na hAingil air Neamh.

C. Creud e chialluigheas Toil De do dheanamh?

F. Ata na haitheanta do chomhliona, agus a bheith foighideach an gach buairt agus leathrom do theigeomhas duinn.

C. Creud iarramaoid san gceathramhadh athchuinge, 'Tabhair dhuinn a niumh ar naran leathuil'?

F. Ata gach nidhe ata na riachtanus oruin do thaobh anam agus choirp do thabhairt duinn, 'siad san, na sacraminteadha, dea-thagusg agus grasa De, biadh fos agus eudach.

C. Creud iarramaoid san gcuigeadh atchuinge, 'maith dhuinn ar gcionnta mar maithmid do chach do chiontuigheas 'nar naghadh'?

F. Ata maithunus ar bpeacaidhe do thabhairt duinn, do reir mar maithmid fein dar naimhdibh; oir ni feidir dhuinne maitheamhnus d'faghail o Dhia muna maitheam gach olc da mheud do chach eile.

C. Creud e iarras an te re nach aill maitheamhnus do thabhairt da naimhdibh?

F. Iarradh se air Dhia gan maitheamhnus do thabhairt do.

C. A dtugan an te ud nach bhfuilingionn radharc no comhluadar na muintire do rin urchoid dho, fior mhaitheamhnus dhoibh?

F. Ni thugann; oir ni leanan se sampla De,

noch fheuchus oruinn go geanamhuil, agus ghlacas chuige sinn go trocaireach gradhach, an tan do bheir maitheamhnus dhuinn.

C. Creud iarramaoid san seiseadh athchuinge, 'na leig sinn a Geathughadh ?'

F. Iarramoid air, buaidh do thabhairt dhuinn air chathuighibh an Diabhail, an tSaodhail agus na Colna.

C. Creud iarramaoid san seachtmhadh athchuinge, 'Acht saor sinn o Olc ?'

F. Iarramaoid air Dhia, ar saoradh o gach nidhe do dheunfadh dochar na urchoid dhuin, do thaobh Choirp no anama; agus go spesilta o gach nidhe ata anaidh shlainte ar nanama.

C. Creud chialluigheas an focal so. AMEN ?

F. Cialluighean se 'bioch mar sin.'

D'on Aifrionn Naomhtha.

C. Creud is Aifrion ann ?

F. Ata togha urnuighe, agus iodhbairt ionn à nothfraltar go firineach do Dhia, fuil agus feoil ar Slanuightheora Iosa Criosd faoi ghne arain agus fiona, gcoimhne a naomh Phaiso agus a Bhais air chrann na croise air son bheodhaibh agus mharbhuibh.

C. Cia Dubhairt an cheud Aifrionn ?

F. Ar dTighearna Iosa Criosd, an oidhche cheudna do braitheadh e chum a cheusda.

C. Cia hiad ameasg na mbeoidhaibh da dteid an tAifrionn a sochar ?

F. Do bhaill na hEagluise go hiomlan, agus go speisialta do'n te air son a ndeirthear e, do'n tSagart a deir e, agus do'n lucht eisdeas e.

C. Creud e an sochar do ni se do na mharbhaibh ?

F. Luighduighean se a bpian a bPurgadoir agus luathuighean se iad go Flaitheamhnus.

C. Cionas is coir dhuinn Aifrion deisdeacht?

F. Is coir dhuinn a eisdeacht go hiomlan, go haireach, go measdamhuil, agus go craibhtheach, oir is malluighthe an te do ni gnothuidhe De go faillidhtheach.

C. Cia hiad an Drong na eisdeas e mar is coir?

F. Ata an Drong do chodlas aige, do bheir aire do neithibh saodhalta, do bhios aig feachuin a nunn agus a nall, do bhios aig comhradh re cheile, agus aig luighe air leath-ghlun, &c.

C. Creud e chialluighean gach ball do Chulla an tSagairt aig radha Aifrinn do.

F. 1. Cialluighean an Amice, no an teadach lin do chuirean se air mhuineal air dtuis, an folach do chur na Iudaig air shuile Chriosd, an tan do bhuaileadar e a dtigh Chaiphas, agus d'fiarthuigdar de 'ainnsint cia bhuail e.'

2. Cialluidhean an Albe no an leine do chuirean se air, an Chulla bhan do chur Herod air ar Slanuightheoir mar gur amudan e.

3. Cialluighean an Crios, do chuirean se tiomchioll air, an Corda re'ar ceangluidhag e annso dgardin.

4. Cialluighean an Miniple do bhion air a laimh chli, an Corda re'ar ceangluidhag a dha laimhuibh don bpiolloir.

5. Cialluighean an stoil, an Corda do bhi tiomchioll mhuineal Chriosd da bhreith chum a cheusda.

6. Cialluighean an Eide an Cota gan fathaim do chaith Criosd, agos fos an teadach purple re ar chluluighdar e tre fhonoid a dtig Philaid.

7. Cialluighean an leac chloithe do bhion faoi an Gealis air an Ultoir, an Chrois air a rin se e fein d'iodhbairt chum a Athar uile chomhachtach.

8. Cialluighean an Chalis an tuamba no an uaig 'nar cuireag Criosd.

9. Cialluighean an Paten no an leac do bhion air an gChalis, an Chloch do chur na Iudaig air bheul na huaigh.

10. Cialluighean cudaighe na hultora agus na Calise, na heudaighe lin do bhi tiomchioll chorp Chriosd tar eis a vais agus annso nuaigh. Agus cialluighean an Ultoir, Cnoc Calvery, an ait ar cuireagh chum bais e; agus na Cainnle do bhion lasda air an Ultoir, an Solus do thug Criosd air fuaid an Domhain re no phais agus a bhas, agus fos solus sioruidhe a dhiadhachta air Neamh.

C. Creud fath na dtagan an Sagart tri coisceimidhe amach o'n Ultoir agus na numhluighean se e fein sul do thosnuidhean se air an Aifrionn?

F. Ata a gcuimhne na dtri nuaire do chaith Criosd e fein air aghaidh anuas air an dtalamh an uair do thosnadh se re na phais.

C. Creud fath na numhluighean an Sagart e fein aris aig radha an (Chonfiteor) Fhaoisidin generalta?

F. Chum a chur a gceill don bpobal gur cheart doibh iad fein d'umhlugha an uair sin a dtaobh a bpeacuidhe do bhi na dtrom ualach air Iosa Criosd, agus go m'fheidir leo pardun dfaghail annta tri thora a Phaise ma iarfadis e re croidhe umhal aithridheach.

C. Creud e an chial ata res an Sagart do thabhairt Pog don Ultoir an uair do theighean se suas uirthe?

F. Chum a chur a dtigsin, go dthug Criosd pog na sithchana dona Iudaig agus do na Paganaig.

C. Creud e chialluighean Kyrie Eleison, agus Criste Eleison do radh chomh minic?

F. Ata tri huaire anonoir an Athar, tri huaire a nonoir an Mhic, agus tri huaire a nonoir an Spriod Naomh aig cur ar riachtanas na lathair, agus aig trocuire ortha.

C. Creud e chialluighean an Gloria in Excelsis?

F. Cialluighean se 'Gloire do Dhia gohard,' an tabhran do shing na haingil re linn Chriosd do thuirlint san Stabla; air an adhbharsan, an trocuire atamaoid d'iara, is tre bhreith agus bhas Chriosd do thagan se.

C. Creud e chialluighean an tEpistle do leigheas an Sagart aige taobh deas na hultora?

F. Cialluighean se an tseann dlighe; is fos teagusg na bhfaigibh agus na nabsdaluibh do na daoine ann gach ait.

C. Creud fath na naistrighthar an leabhar o thaobh deas na hultora agus an taobh cli?

F. Da chur a gceill o dhiult na Iudaig do theagusg na nabsdal, gur iompuighdar air na Paganaig, agus gur eisd siad san leo, agus gur threig siad a malluightheachd na thaobh.

C. Creud e chialluighean an Pobal d'eirighe na seasamh re linn an leabhair d'aistriugha?

F. Chum a theasbana go bhfuil siad ollamh chum siubhal a ndlighe Chriosd feasta, agus gach nidhe dheana d'orduighean se dhoibh.

C. Creud e chialluighean an Soibhsgeul do leaghabh air thaobh cli na hultora?

F. Chum a chur a dtuigsin, gur buadhag air chomhachta agus air riogheacht an Diabhail re teagusg Chriosd; oir a deir an Sgriptuir gur ab e an taobh thuaith no an taobh cli, taobh an Diabhail tre na dtagan gach mallaightheacht. *Jer.* 1. 14.

C. Cred fath a ndeir an Sagart Dominus vobiscum, sul do thosnuidhean se res an Soibhsgeul?

F. Chum go mbeith an Pobal ollamh tre ghrasa De chum eisdeacht res, noch d'iaras an Sagart doibh, aig radh 'go raibh an Tighearna bhur bhfochuir.'

C. Creud fa a ndeir se an Chre na ndhiadh san?

F. Ata admhail phublidhe an Creidimh, agus tairbhe naomhtha an tsoibhsgeil do chraobhsgaoile.

C. Creud e chialluighean an Chalis do nochta agus an fion agus an tuisge curthar innte?

F. Ata a gcuimhne do Chriosd an uair do nochtag a chorp chum e sgiursail; agus cuirean an fion agus an tuisge a gcuimhne dhuinn mar do thaineadh fuil agus uisge amach as taobh Chriosd air an gcrois.

C. Creud e chialluighean an Sagart do nigh barr a mheuraibh aige cuiuge na hultora?

F. Da chur a gceill gur cheart do gach naon a anam do nighe go glan le haithridhe sul do ghlacach se corp Chriosd, is go bhful se fein, no gur cheart do bheith amhla.

C. Creud fath na leighean an Sagart Canoin an Aifrinn go ciuin?

F. Ata a gcuimhne do dholas agus do chiunas Chroist aimsir na Paise.

C. Creud e chialluighean na tri crosa do dheanan se air an Abhluinn agus air an gcalis?

F. Chum a chur a gceill gur le toil an Trinoide ro naomhtha do rinag ar bhfuasguilt air an gCrois.

C. Creud fath a ndeanan se chuig chrosa aris air an Iodhbairt?

F. A gcuimhne an gcuig la do bhi idire e dhull asteach go Jerusalem agus a phais dholasach.

C. Creud fath a narduighean se an Corp naomhtha agus an Chalis anairde?

F. A gcuimhne do Chriosd da ardugha air an gcrois, agus a chuid fola da dorta tre na chreachta beannuighthe.

C. Creud e is ceart a radha re linn an chorp naomhtha d'ardugha?

F. A Thighearna, creidim go deimhin go bhfuil tu idir fhuil agus fheoil, diadhacht agus dhaonacht go cinnte san tsacramint seo; adhraim agus molaim thu innte om' chroidhe go hiomlan.

C. Creud e is ceart a radhar re linn an Chalis d'ardugha?

F. A Thighearna adhraim tfuil fior uasal; do bheirim mile buidheachas dhuit fa na dortadh air mo shon a gcrann na croise; na leig dham a toradh do chailiunt tre mo phaca.

C. Creud e chialluighean na chuig chrosa do dheanan se na dhiadh san air an sacramint naomhtha?

F. Ata a gcuimhne na gcuig mhor loit do bhi air Chriosd.

C. Creud e chialluighean an machtnamh do ni an Sagart re na dha laimhuibh re cheile tar eis an choirp naomhtha d'ardugha?

F. Ata aig cuimhne air na hanamnacha ata a bpurgadoireacht, is da iara air Dhia tre thoradh Paise agus bais Chriosd suaimhneas siorruidhe thabhairt doibh.

C. Creud e chialluighean da leath do dheanadh don Abhluinn naomhtha, agus roinn bheag do chur sios san gCalis?

F. Ata a gcuimhne do fhuil agus do fheoil Chriosd do bheith sgartha o cheile air an gCrois, agus mar do chuaidh anam sios go hifrion na nAithreacha naomhtha am a bhais, agus fos mar tathuidhag a fheoil agus a fhuil re cheile an la rin se an eisirghe.

C. Creud e chialluighean an tAgnus Dei, deir se tri huaire?

F. Ata da chur a gceill gur be Criosd an tuain firineach do thogus peacuidhe an Domhuin, agus re linn, a bhais go raibh moran dona Iudaighthe aig buala a nuchta aig iara pardun air, 'saig admhail gur be mac De e.

C. Creud e chialluigheas an Domine non sum dignus, deir se tri huaire?

F. Cialluighean se, A Thighearna ni fiudh me go dtiocfa fam' dhion, etc. mar a dubhairt an Centurian (no an Captaon) res an Slanuightheoir an uair do bhi a sheirbhiseach tinn tre na bhfuair se a shlainte: agus cialluighean se fos gur ceart do gach naon e fein do umhlugha re dolios croidhe sul do ghlacach se Corp Chriosd.

C. Creud e chialluighean an Sagart do thogbhail a laimh suas aig tabhairt beannacht don phobal a ndeire an Aifrinn?

F. Ata a gcuimhne don mbeannacht do hug Criosd do na hAsbail re linn e bheith aig dul go flathunas deirdaoin deasgabhala.

C. Creud e chialluighean Soibhsgeal Naov Eon do leaghabh na dhiadh san?

F. Ata a gcuimhne do theagusg na nAbsdail air fuaid an Domhain tar eis thuirlint an Spriod Naomh ortha Domhnach Cinncise.

C. Creud e an inntin re ar ceart an taifrion d'eisdeacht no d'ofrail?

F. Ata—1, Chum adhra, moladh, onoir, agus gloire do Dhia—2, Mar bhreith buidheachuis air sonn athapharte aisidhe—3, Aig iara pardun ann ar bpeacuidhe—4, Is aig iara grasa ar slanuightheoir tre luacht an Iodhbairt naomhtha san do rin Criosd de fein air son an Domhain air chrann na croise.

C. Creud iad na hurnuighthe ata oireamhnach re radha aimsir an Aifrinn?

F. An te na fuil abalta air leabhar paidreacha do leaghabh, abareach se Coroin Iosa na dtri ndeithniur, agus deineach se machtnamh a nait a cheile air gach pairt do phais Chriosd mar ata mínighthe annso leabhar beag so.

C. An maith an nidhe Aifrionn d'eisdeachd go minic a neugmois an lae Saoire?

F. Is ro mhaith da m'fheidir e gach aon la, do bhrigh gur mo ghloire do fhaighean Dia a dtaobh aon Aifrinn amhain, na fhaghean se o aingil agus naoimh na bhflatheas go leir, na o dhaoine dea-bheathacha an Domhain seo uile na bhfochuir.

C. An te sin do bhion aig tuitim a bpeacaidhe marbhthach air feadh se la na Seachtuine, an feidir, do bheith roinnphairteach a dtairbhe an Aifrinn Dia-domhnadh no aon la eile Saoire?

F. Ni feidir do aon neach bheith pairteach ann Taidhlicidhe De an fhaid dfanan se go toilthionach a bpeaca marbh, is gan aigne aige eirighe as go haosga, da bhrighe sin cia go mbion peacuig dhona a lathair an Aifrinn, ni thugan siad gloire do Dhia a dtaobh iad a bheith na Sglabhuidhthe aig an Diabhal go toilthionach.

C. A bhfuil aon tairbhe do pheacach dona dul go di an Aifrionn mar sin?

F. Dob fheidir go bhfaigheach se grasa aithridhe tre thora pais Chriosd, tre dholais do bheith a bheith a dhroch bheatha, da bhrighe sin, is maith a bheith lathair an Aifrinn d'ofrail suas chum De.

C. A neisdean an mhuintir sin Aifrionn mar is coir do bhion lionta re taidhbhse, re midheisgreig agus re gloir dhiomhaoin da lathair?

F. Ni eisdean do brigh gur fuathmhar re

Dia lucht na taidhbhse, is gach naon eile thugan sgannail no ocaid peaca uatha, go ro speisialta aimsir an Aifrinn.

C. Ca mhead pairt san Aifrionn ?

F. Ata chuig phairt—An chead phairt, go crioch na Cre deirthar tar eis an tsoibhsgeil —An dara pairt, go tosach Canoin an Aifrinn tar eis an chloig do bhuala tri huaire re linn Sanctus, sanctus, sanctus, &c.—An trimhugh pairt, go dtosnuighean se res an bPater Noster (no an phaidir)—an ceathramha pairt, as san go neirghion an pobal na seasamh an uair do olan an Sagart fuil Chriosd as an gcalis —An cuigmhugha pairt, as san go deire an Aifrinn.

C. An te na tuigean gach pairt diobh san, is 'ta neamh eolguiseach air a substaint, cad 'ta re deanadh aige ?

F. Mar dubhairt me riomhe seo, othfralach se suas a urnuighthe go durhrachtach a gomhphairt re iodhbirt an Aifrinn res an inntin cheadhna re ar othfrail Iosa Criost e fein air an gcrois ; agus re san do dheanadh eisdig Dia re nurnuighthe re taithniomh, chomh maith is da mbeith eolus mor aige.

C. A bhfuil aon chomhairle eile agad a daov an aifrinn d'eisdeachd go tairbheach ?

F. Ata ; a dtosach an Aifrinn grasa d'ira go duthrachtach air Dhia chun e eisdeachd go diadha.—2. Aig an fhaoisidin generalta do pheacuidhe d'admhail do Dhia, agus bheith aig iara pardun ionta.—3. Aig an Gloria in Excelsis, mola, baochus, agus onoir do thavairt do Dhia, go hard.—4. An uair do thosnuidheas an Sagart air leaghamh an Leabhair aris, do riachdanuisidhe fein agus an teampoill do chuir a lathair De.—5. Aig an Epistle, baochus do bhreith leis

a dtaobh gach fios agus eolus do fuairamuir uadh naomh theachtairidhe na bhflatheas, Faigidhe agus Absdail, &c. agus go ro speisialta uadh Iosa Criost fein le na dheadh-theagusg agus le na dheadh-shampla.—6. Aig an soibhsgeul, grasa dhara air Dhia, chun gach nidhe dheana do reir mar do shoillsig agus do mhuin Criost duin. 7. Aig an Chre, do chreideamh d'admhail le cre na nAbsdail do radha mar a bhfuil tu abalta air an gCre deir an Sagart do leaghabh.—8. An uair do nochtan an Sagart an chailis, agus do othfralan se suas an iodhbirt chun De, othfrail suas mar an gceadna do chorp agus tanam mar iodhbirt chun toil agus seirbhis De do dheanamh go brath aris, agus le linn an fhion agus an tuisge do chur sa gcalis, iar air Dhia tu thathugh leis fein go spioraidalta.—9. An uair bheidh an sagart aig nighe barr a mhearaibh aige cuinge na hultora, glac aithreachas a dtaobh do pheacuidhe, agus iar air Dhia tu ghlana uatha le fuil an Uain naomhtha.—10. An uair d'iompoigh se amach air an bpobal, iar air Dhia an iodhbirt sin do ghlaca chun onora do fein agus slanugh siorruidhe don bpobal.—11. Aig an Sanctus, &c. do chroidhe do thoguint suas chun De, mola agus gloire thabhairt do agcomh phairt leis na haingil, aig radha, is beannuidhthe, is beannuidhthe e Dia na naomh Armail ata neamh agus talamh lan da ghloire, &c.—12. An uair do leagheas an sagart Canoin an Aifrinn go ciuin, cuimhne air Phais, agus bhas Chriost, agus othfrail si suas an tAifrionn leis an inntin cheadna le'r othfrail se fein iodhbirt na Croise Eoine an Cheusda. Agus as san go ham beannughthe an aran agus an fhion, comruidhe do ghaodhalta, do chairaid, do

lhaoine muinteartha, &c., agus fos do namhuid do chuir air Dhia, agus grasa aithridhe firineach d'iara dhoibh. (Do innis me riomhe seo cad is ceart do radha am an Chorp naomhtha agus na Cailise do thogbhail suas.)—13. Tar eis sin, an uair do chuirean an sagart a dha laimh le na cheile, guig air mhairbh Phurgadoir, go speisialta do mhairbh fein, &c.—14. Le linn dha leath do dheanamh don Abhluin agus roint bheag do ehur sa gcailis, smuain an uair sin mar do sgarag fuil agus feoil Criost ona cheile air an gCrois, agus iar, mar iaran an sagart, scithain, do bheith le Dia, leis an gcomharsain, agus leat fein.—15. Aig an Agnus Dei, iar trocuire agus pardun air Dhia le spioraid na humhluidheachta.—16. Aig an Domine non sum dignus, &c. umhluig thu fein a lathair De, agus admhail nach fiu thu go dtiocfeach se fad' dhion, iar air a ghrassa do thabhairt duit agus seilibh do ghlaca go spioraid-alta ion tanam; as san amach go deire an Aifrinn, bi aig tabhairt baochus do Dhia a dtaobh pais agus bas a Mhic, agus ag iara pardun ion gach locht da'r huit tu ann da eisdacht.

C. Budh mhaith liom fios d'fhaghail, cred fa 'ndeir an sagart an tAifrion a Laidion, thar aon Teanga eile?

F. Ata, mar a si an Teanga cheadna do dheanan an Teampol usaid di uadh aimsir na nabsdail anuas, do bhrigh gur teanga neamhaisdritheach-I, air an adhbhar, da mbeich cead a bheil aig deana seannsalacha uirthe mar gach teanga eile, budh ghairid go mbeich an tAifrion agus Urnuidhthe an Teampol tre na cheile fa aisdriugh neav-bhuan na haimsire, agus fos chun a theasbaint na fuil aon aisdriugh le deana air urnuighthe seannda an teampoil ach an oiread

leis an Teampol fein, do theasoigh go daingion neamhaisdritheach buan go deira an Domhain.

ROSARY AINIM NAOMHTHA IOSA.

An ainim an Athair, agus an Mhic, agus an Spioraid Naomhtha.

V. O Thiarna, osguil mo bheul.
R. Agus molfe me thu lem' theanga.
V. O Dhia iontaig chum mo chabhartha.
R. O Thiarna luaithig chum comhna liom.
V. Gloire don Athair, agus don Mhac, agus don Spioraid Naomhtha.
R. Mar do bhi air dtuis, ata anois, agus bheig go brach le saodhal na saodhal. Amen.

NA CHUIG MHISTEIRIDHE DON CHEUD ROINN.

I.

Ioncholnu ar dTiarna Iosa Criost.

Machtnuighmid anso misteir seo mar do ghlac Mac De colan daona as fuil ro ghlan na Maighdiona naomhtha Muire agus mar do rinag duine dhe na brainn.

O Iosa Mhic Dabhi, dein trocuire oruin.
(Deith Nuaire.)
Gloire don Athair, &c.

II.

Tuirlint ar dTiarna Iosa Criost o Bhroinn a Mhathar.

Machtnuighmid anso misteir seo, mar do rugag Slanaidhtheoir an Domhain chum ar bhfuasgultha: agus mar d'fhan Mhathir na Maighdion

O Iosa, Mhic Dabhi, dein trocuire oruin.
(Deith Nuaire.)
Gloire don Athair, &c.

III.

Tiompchol gheara ar dTiarna Iosa Criost.

Machtnuighmid an so misteir seo mar do thosain, ar Slanaightheoir anaois ochd la air fhulang air son ar bpeacuidhe, agus a chuid fola cheana fein da dorta air ar son: tiompchiol gheara da dheana air do reir an-dlidhe, chomh maith 'sda mo peacach e fein.

O Iosa, Mhic Dabhi, dein trocuire oruin.
(Deith Nuaire.)
Gloire don Athair, &c.

IV.

Faghail ar dTiarna Iosa Criost san Teampol.

Machtnuighmid anso misteir seo air ar Slanaidhtheoir a naois a dha bhliadhain deag, mar do theasbain se e fein nios mo na duine, le na thuigsin agus le na eagna, aig muna Dochtuiridhe na nJudaig.

O Iosa Mhic Dabhi, dein trocuire oruin.
(Deith Nuaire.)
Gloire don Athair, &c.

V.

Baiste ar dTiarna Iosa Criost.

Machtnuighmid anso misteir seo, mar do bhaist Naomh Eon Slanaightheoir an Domhain. Mar d'admhalan an Tathair Siorruidhe gur ab e a Mhac e.

O Iosa Mhic Dabhi, dein trocuire oruin.
(Deith Nuaire.)
Gloire don Athair, &c.

AN URNUIDHE.

O Iosa, 'na bhfuil tainim os ceann an uile ainim, sa tslidhe a nainim Iosa, go numloch gach gluin leis an muintir ata air neamh, air talamh agus a nifrionn. Do ghlac an tam do bhi ceapaighthe aig an Eagna Shiorruidhe colan daona a mbroinn na Maighdiona naomhtha Muire, agus mar seo tharlaigh tu ad Mhac aige Dabhi; tred' bhreith do bhi mor luathghair air dhaoine agus air aingil. Do thosain chomh luach san air fhulang air ar son, agus do dhorta mar gheall oruin an fhuil sin do ghlanas amach peacuidhe an domhain. Do theasbain teagna siorruidhe aig aois do dha bhliadhuin deag.—Da raibh na flaithais uile aig feithiomh ort re linn do bhaiste, tabhair duine na misteiridhe so do iodhbirt chun t'onora agus ar slanugh fein. Do mhairios agus do riaghluigheas ad Dhia fhirineach mar aon leis an Athair agus leis an Spriod Naomh aon Dia amhain, tre shaodhal na shaodhal. Amen.

NA CHUIG MHISTEIRIDHE DON DARA ROINN.

I.

Ar Slanaightheoir aig nighe cosa Dheisgiobail.

Machtnuighmid anso misteir seo, mar do rin ar Slanaightheoir chun sampla no humhluidheacht do theasbaint duinne, agus cad e mhead is ceart duin seirbhis do dheanamh da cheile, e fein d'umhlugh chomh uiriosal san re cosa dheisgiobail do nighe, ce gur ab e an Dia e da nadhras neamh agus talamh.

O Iosa o Nazareth Righe na n Jiudaig dein trocuire oruin.—(Deith Nuaire.)

Gloire don Athair, &c.

II.

Urnuidhe ar dTiarna Iosa Criost sa ngardin.

Machtnuighmid anso misteir seo, iar aithint d'ar Slanaightheoir go raibh a Phais aig druidiuint leis, do bhi se chomh lan san do dholas na thaobh, agus chomh brughte sin o throm ualach ar bpeacuidhe, gur ghuig se chun an Athar Siorruidhe Cupan searbh na Paise do thoguint uaig.

O Iosa O Nazareth, Righe na nJiudaig, dein trocuire oruin.—(Deith Nuaire.)

Gloire don Athair, &c.

III.

Gabhail ar Slanaightheoir.

Machtnuighmid anso misteir seo, mar do umhluig ar Slanaightheoir e fein do chomhachta daoine, chomh maith is da mo dhuine sombarbhtha e, agus mar do cheaduig se chun ar bhfuasguilt ne, e fein do ghabhail, chomh maith is da mo pheacach cionntach, dlidhe mhaslathach e.

O, Iosa O Nazareth, Righe na nJiudaig, dein trocuire oruin.—(Deith Nuaire.)

Gloire don Athair, &c.

IV.

Ar Slanaightheoir aig iompar na Croise.

Machtnuighmid anso misteir seo, tar eis ar Slanaightheoir do gheara le sgiursidhe agus do pholla le deilgnidhe chum sasamh do thavairt nar bpeacaidhe, mar dob eigin do an chros d'iompar air na raibh se chun bas d'fhaghail, agus mar do chuaigh se air aghaidh go duadhnuidhseach, lan do dholas go di ait a cheusda,

O Iosa O Nazareth, Righe na nJiudaig, dein trocuire oruin.—(Deith Nuaire.)

Gloire don Athair, &c.

V.

Dul ar Slanaightheoir go hifrionn.

Machtnuighmid anso misteirr seo, an uair do sgar an bas anam ar Slanaighteoir le na chorp, mar do chuaigh se sios go di an ait a raibh na Naoimh ag sul le na fhuasguilt.

O Iosa, O Nazareth, Righe na nJiudaig, dein trocuire oruin.—(Deith Nuaire.)

Gloire don Athair, &c.

AN URNUIDHE.

do bhas so agus ann du thogbhail ghlormhar go Flaitheamhnas do fuair a ghradh san ionutsa fior iomlaineacht a thaithniovuidheacht. Iaramid ort faig duinne na grasa chun beatha fiorghlan do leanmhuint, bas naomhtha do thuiliomh, agus a bheith rannphairteach an Seun solasach na Gloire shiorruidhe. Amen.

Paidir agus da Ave Maria.

A nonoir an luthghair do bhi uirthe annsa Flaithis an uair do cuirag Coroin Ghlormhar uirthe os ceann na nAingil agus na Naoimh. Agus Paidir agus Ave Maria air son an Phapa. An Chre a nonoir na nEasboil. Agus an Salve Regina na ndiag.

AN URNUIDHE.

O Bhanrioghuin ghlormhar na bhflaithios, impidhmid ort gabhail leis an gcoroin seo d'othfralamid aig ad chosa mar choroin Rosaibh ; tabhuir duinne a Bhaintiarna ro ghrasamhuil, ar nanamnacha bheith lasta tre'd eadarghuidhe le teas gradha chomh mor san, chun tu d'fheicsin fe Choroin chom glormhar san, is gan e fhaghail bas go brach ionnuin no go naistreoghfur e an seilbh solasach do radhairc naomhtha so. Amen.

LIODAIN MHUIRE.

Cuiramid sinn fein fa'd choimirce a Naomh Mhathair De, na diultuig ar nurnuidhthe anam ar riachdanas, ach o'n uile bhaol saor sinn a Mhaighdion ghlormhar bheannuighthe.—Amen.

A Thiarna, dein trocuire oruin !

A Chriost, dein trocuire oruin !

A Thiarna, dein trocuire oruin !
A Chriost, eist linn !
A Chriost, tabhair tora air ar nguidhe !
A Dhia an Tathair naomhtha, dein trocuire oruin.
A Dhia an Mhic fuasgaltheoir an Domhuin, dein trocuire oruin.
A Thrinoid naomhtha aon Dia amhain, dein trocuire oruin,

A Naomh Mhuire,
A Naomh Mhathair De
A Naomh Mhaighdion na Maighdionacha,
A Mhathair Chriost,
A Mhathair na grasa diaga.
A Mhathair ro ghlan,
A Mhathair ro gheanamnuidhe,
A Mhathair gan truailiugha,
A Mhathair gan torbheim,
A Mhathair so ghradhach,
A Mhathair iongantach,
A Mhathair ar gCruitheora,
A Mhathair ar Slanaightheora,
A Mhaighdion ro eagnuidhe,
A Mhaighdion chlumhuil,
A Mhaighdion somholta,
A Mhaighdion chomhachtach,
A Mhaighdion cheannsa,
A Mhaighdion dilis,
A Sgaothain an ehirt,
A Chathaoir na heagna,
A Chuis ar luthghara,
A Shotig spioraidalta,
A Shothig onorig,
A Shothig oriric na caoinduthrachta,
A Ros rundiamhuir,
A Thur Dabhi,
A Thur Eboine,

Guigo oruin.

A Theach Ordha,
A Aire an reachta,
A Gheata fhlaitheamhnuis,
A Raeltion na Mainne,
A Shlainte na neaslan,
A Choimirce na bpeacaig,
A Sholas na ndobronach,
A Chomhnamh na gcriostuighthe,
A Bhanrioghain na naingil,
A Bhanrioghain na bpatriarc,
A Bhanrioghain na bhfaige,
A Bhanrioghain neasboil,
A Bhanrioghain na martireach,
A Bhanrio hain na gconfesuridhe,
A Bhanrioghain na Maighdiona,
A Bhanrioghain na Naoimh uile,
A Bhanrioghain na Rosary ro naomhtha,

Guig oruin.

Uain De thogus peacuidhe an Domhuin, tabhair coimirce duin a Thiarna.

Uain De thogus peacuidhe an Domhuin, eist linn go duthrachtach, a Thiarna.

Uain De thogus peacuidhe an Domhuin, dein trocuire oruin, a Thiarna.

A Thiarna, dein trocuire oruin.

A Chriost, dein trocuire oruin.

Ar nAthair ata air Neamh, &c.

V. Eist ar nurnuidhthe a Thiarna.

R. Agus go racha ar nosna ad lathair.

V. Do thainig Aingiol an Tiarna le sgeula chun Muire.

R. Agus do ghaibh si Gin o'n Sp. Naomh.

V. Go mbeannuighthar duit a Mhuire, &c.

R. A Naomh Mhuire, a Mhathair De, &c.

V. Feuch mise cailin an Tiarna.

R. Go dtanguidhe dam do reir tfhocuil.

V. Go mbeannuigthar duit a Mhuire, &c.

R. A Naomh Mhuire a Mhathair De, &c.
V. Agus do ghlac Mac De colan daona.
R. Agus do chomhnaig ion ar measg.
V. Go mbeannuighthar duit a Mhuire, &c.
R. A Naomh Mhuire a Mhathair De, &c.
V. Guig a Naomh Mhathair De.
R. Ionus go m'fhiu sinn gealumhnacha Chriosd d'fhaighail.

Guidhmid tu a Thiarna do ghrasa do dhorta go lionmhor nar nanamnacha, ionus tar eis fios d'fhaghail duin air theacht Iosa Chriosd do Mhic a gcolon daona tre theachtaireacht an aingil, do dtiocfioch linn dul go gloire a eiseirighe tre neart a Phaise agus a Chroise ro naomhtha, tre Iosa Chriosd ar dTiarna ceadna. Amen.

PAIDRIN N. JOSEPH.

Tosnadh leis mar Rosary Iosa, aghe an san abair air no clocha mora an urnuidhe seo leanus, noch a deir an Teampol an uair deirthar a Oifig naomhtha.

AN URNUIDHE.

Comhnaig linn O Thiarna, impimid ort, tre luachd Ceile do Mhathair ro naomhtha, ionus go bhfadhmis tre na eadarghuidhe san, na neithe nach fiu sinn fein d'fhaghail: Noch do mhaireas agus do riaghluigheas mar aon leis an Athair, agus leis an S. N. tre Shaodhal na Saodhal. Amen.

Abair air na Clocha miona.

A Phatriarc ro ghlormhar N. Joseph, Athair oileamhna Iosa, agus ceile Mhathair ro naomhghlan De, guig oruin anois agus air uair ar mbais. Amen.

Abair an Chre aig criochnugha.

SEACHT BPAIDREACHA AGUS SEACHT NAVE MARIA.

A nonoir na seacht nDolais, agus na seacht Solais do bhi air Naomh Joseph.

An cheud Dolas.

Na Smuainte peanuideach do bhi air a daov a bheith chun sgarmhuint le na cheile is I aig iompar an Leirbh Iosa.

An cheud Solas.

Teachduireacht chompordamhuil an Aingil aig radha, a Joseph mhic Dabhi, nach bioch eagla ort, glac Muire chughad mar cheile.

Ar nAthair, &c.

Go mbeannuighthar duit a Mhuire, &c.

2. *Dolas.*

An uair do chonare se an Leanbh Iosa aig crith le fuacht anso mainseur, agus gan aon nidhe le feicsinn an ach aindeise agus amhgur.

2. *Solas.*

An uair do chuala se an ceol binn ainglidhe. Adhra na Sipeiridhe agus na tri Righthe Sleachtaidhthe* os comhair an Leinbh De.

Ar nAthair, &c. &c.

3. *Dolas.*

An uair do chonarc Naomh Joseph an Leanbh Iosa aig dorta chuid fola naomhtha chomh luach san Tiompelgheara.

3. *Solas.*

An uair do thug se an ainim ro naomhtha Iosa air an leanbh, mar d'orduig an tAthair siorruidhe do le teachdaireachd an Aingil.

Ar nAthair, &c., &c.

---

* Prostrate.

4. *Dolas.*

An uair a dubhairt Siomon leis an Maighdion naomhtha is a Roghlanta go rachach Cloidheamh tre na Croidhe.

4. *Solas.*

An uair a dubhairt Siomon, go mbeich Criost na sholus aig na Paganaig, na Ghloire aig Israel, agus an eiseirighe aige moran.

Ar nAthair, &c., &c.

5. *Dolas.*

An uair dob eigin do Chriost teithe go hEgypt o'n Tioranach Herod.

5. *Solas.*

An uair do thuit Iomhaighuibh na hEgypt chomh luach is do thaine Mac De os a gcomhair. Ar nAthair, &c., &c.

6. *Dolas.*

An uair do ghlac eagla N. Joseph aig casa bhaile o'n Egypt, aig clos do gur be Archelaus do bhi na Righe aig riaghlugha.

6. *Solas.*

An uair do fuair se ordugh oNeamh le teachdaireachd Aingil, casa bhaile le Iosa agus le na Mhathair naomhtha.

Ar nAthair, &c.

7. *Dolas.*

An uair do bhi N. Joseph aig lorg Iosa aig aois a dha bhliadhain deag, is e aig casa a Jerusalem.

7. *Solas.*

An uair do fuair se Iosa annso Teampol 'na shuidhe ameasg na nDochtuiridhe, is iad san lan d'iongantas a dtaobh a mhor eagna.

Ar nAthair, &c.

☞ Dod fhada liom na hurnuighthe do leanus gach Dolas agus Solas diobh so do chuir na ndiagh mar ataid sa Mbearla.

LIODAIN N. JOSEPH.

A Thiarna dein trocuire oruin !
A Chriosd dein trocuire oruin !
A Thiarna dein trocuire oruin !
A Chriosd eist linn.
A Chriosd eist go grasamhuil linn.
A Dhia an Tathair naomhtha, dein trocuire oruin.
A Dhia an Mhic, fuasgulthoir an Domhain, dein trocuire oruin.
A Dhia an S. Naomh Gradhtheoir na bhfiorein, dein trocuire oruin.
A Thrinoid Naomhtha, aon Dhia amhain a dtri pearsa, dein trocuire oruin.
A Naomh Mhuire, Banrioghain an Domhain uile, guig oruin.
A Naomh Joseph, Ceile na Maighdiona beannuighthe,
A N. Joseph naomhuighthe sul do rugag thu,
A N. J. pribhleidag agus coimeadag o'n uile pheaca marbh,
A N. J. neartuighthe a ngrasa,
A N. J. onoir na bPatriarc,
A N. J. lionta le beanachtuidhe mor iongantach,
A N. J. ainmnithe mar Athair aig Iosa,
A N. J. lionta le uile thaidhlicidhe an S. Naoimh,
A N. J. thug adhra do Iosa annso Stabla,
A N. J. a Fhir ainglidhe,
A N. J. do rin le comhairle an Aingil Criost do chosaint o fheirg Herod,

Guig oruin.

A N. J. mar cheud Phrionnsa na nard Aingil, do bhi aig riaghlugh Chriost,
A N. J. is mo comhacta na aon dona huird ainglidhe, d'a riabh Righ agus Banrioghuin na bhFlaithios fhomosach,
A N. J. aiga raibh Chriost idir do lamha, agus ann tuchd na shuidhe mar bheich a gCathaoir rioghamhuil,
A N. J. aiga raibh, mar ard Aingiol curam na Maighdion de'n fhior Pharathas,
A N. J. a Dhuine mar aon da na haingil is ro aoirde,
A N. J. a anam mhachtnathach ro ard,
A N. J. do fuair bas idir dha laimh Chriost,
A N. J. do chuala ceol ainglidhe,
A N. J. do chuadh go Limbo go di na hAithaireacha naomhtha roimh Chriost,
A N. J. d'eisseirghe le Criost os na mairbh,
A N. J. do fuair tabharthaisidhe morghlormhar ad chorp agus ad tanam,
A N. J. ar ndeidh-Phatrun agus ar gCotantoir,

Guig oruin.

A Uain De, thogas peacaidhe an Domhain, sparail sinn O Thiarna.
A Uain De, thogas peacaidhe an Domhain, eist linn O Thiarna.
A Uain De, thogas peacaidhe an Domhain, dein trocuire oruin O Thiarna.
O Thiarna eist lem' urnuidhe :
Agus go racha mo ghuidhe ad lathair.

Comhnaig linn O Thiarna, impimid ort tre luachd Ceile do Mhathar ro naomhtha, ionus go bhfadhmis tre na headarghuidhe san, na neithe nach fiu sinn fein d'fhaghail : Noch do mhaireas agus do riaghluigheas mar aon leis an Athair, agus leis an S. N. tre Shaodhal na Saodhal. Amen.

An ainim an Athair, agus an Mhic, agus an Spriod Naomh. Amen.

Abair ar nAithair ata air Neamh, &c., air na Clocha mora mar deirthar air Rosary Mhuire, agus a Thiarna Iosa thruaghmheilioch, air na Clocha miona.

A Thiarna Iosa thruaghmheilioch.

A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,
A Thiarna Iosa, &c.,

*Dein trocuire ortha.

V. Suaibhneas siorruidhe tabhair doibh a Thiarna.

R. Agus leig don Solus siorruidhe soillsiugh ortha.

V. Go gcomhnuidhe siad ion sichain.

R. Amen.

(Abair na tSailm mar leanus.)

Os na doimhin d'eigheas chughad.

O Thiarna ; a Thiarna eist lem' ghlor.

Bioch do chluasa aireach do ghuth mo ghearain.

Ma thugan tu aire do chionnta, O Thiarna ! Thiarna ! ce sheasodheas e ?

Oir agadso ata maitheamhnas trocuireach ; agus a dtaobh do dhlighe ata suil agam leat, O Thiarna.

Do chuir m'anam muinin ann a bhriathar : ata dochuis aig am anam annsa Tiarna.

O fhaire na maidne go di an oidhche, bioch dochus aig Israel annso Tiarna.

Mar is aig an Tiarna ata trocuire, agus an fhuasgladh iomadamhuil.

Agus fuasglodhsh se Israel ona uile mhallathachd.

V. Suaibhneas siorruidhe tabhair doibh a Thiarna.

R. Agus leig don Solus siorruidhe soillsiugh ortha.

V. Uaidh gheataidhe Ithfrinn.

R. Saor a nanamnacha O Thiarna.

V. Go gcomhnuidhe siad ion sichain.

R. Amen.

V. O Thiarna eist lem' urnuidhe.

R. Agus go racha mo ghuidhe ad lathair.

GUIDHMID.

Sgaoil impidhmid ort, O Thiarna anamnacha do shei-bhisig o'n uile cheangalacha an pheaca; ionus tar eis a bheith toigthe suas aris ameasg do naoimh agus tfiorcin, go mbeidh dis arthnuaidhte a ngloire na heiseirighe. Tre Chriost ar d'Tiarna. Amen.

URNUIDHE LE RADHA DON DUINE BHIOS AIG FAGHAIL BHAIS.

O Thiarna Iosa Criost, iaramid ort tred' dholas agus tre turnuidhe anso ngardin, guidhe chun an Athair siorruidhe air son do sheirbhiseach ata anso lathair; othfrail suas do na deora fola san do thaine tred' chorp ro naomhtha sa mar shasamh iona pheacaidhe uile; ionus go saorfuidhe e air uair a mhor thriobloide o'n mbreith tugag an aghaidh an uair do rin se an peaca, agus o'n bpeanos do thoill se 'na thaobh. Ar nAthair, &c.

Go mbeannuighthar duit a Mhuire, &c.

O A Thiarna I. C. dfulang bas air ar sonn air Chrann na Croise; iaramid ort na pianta dfulang tu an uair sin, agus go speisialta air uair do bhais, d'othfrail suas chun an Athair siorruidhe air san an tseirbhiseach so, ionus go nglacfuidhe ion fhabhar iad chum maitheas da anam chun an uair sheunmhar d'fhaghail, agus chun e fhuasguilt o'n bpeanos do thoill se le na pheacuidhe.

Ar nAthair, &c.

Go mbeannuighthar duit a Mhuire, &c.

O A Thiarna I. C. do rin le mor ghradha duinne colan daona do ghlaca le haghaidh ar Slanuighthe, iaramid ort an charthanacht agus an mhor mhaitheas san do theasbain tu don gcine daona, do phledail leis an Aathair siorruidhe air son an tseirbhiseach bochd so, ionus tre'd athchuinidhe chomhachtach sa, go bhfaghach anam; an uair do sgarfeach le na cholan, tar eis a bheith sgaoilte o cheangalacha an pheaca, cead saor gabhail tre'n gheata do threoruidhean chun gloire agus aoibhneas siorruidhe na bhflaitheas.

Ar nAthair, &c.

Go mbeanneaghthar duit a Mhuire, &c.

O A Thiarna I. C. do rin led' chuid' fola ro naomhtha sinn d'fhuasguilt; iramid ort cuimhneamh do chneadha mor bheannuidhthe do chur go domhin a nanam an tseirbhiseach, ionus le hiad do bheith do ghnaith os a chomhir, go mbeich misneach air chun fulang go foideach croga, agus go mbeich se armailte a gcoine pianta an bhais.

Tabhair do anios a bheith rannphairteach ann do Phais pheanuiduil, ann do Eiseirghidhe ghlormhar, agus an do Dheasgabhail iongantach. Tabhair do bheith tuigsionach air an mor

thairbhe ata ann do mhisteiridhe agus ann do shacramintidhe agus annsna hurnuidhthe go beannuidhthe leir dothfralan an Teampol Caitilcioch ad lathair.

Cuimhnig O a Thiarna, go rabhuis fein a dtriobloid ro mhor le linn do bhais, an slidhe go rin tu air a noment deadhnach dod chruadhchas, bpeice amach chun an Athair siorruidhe, agus do spioraid do chur air a chomraidhe, agus sa nam san dfag an tanam thu. Feuch anios air do sheirbhiseach anso ann a phianta mor thriobloideach aig glaoch amach go hard chughad; seasaig anios annso taobh leis; cosain e agus cuir compord air annso tribloid so, agus glac anam an do lav trocirech.

Cuimhnig, O Iosa vilis, go raibh do lamha naomhtha sinte air an gcrois, do thaobh polta le sleadh, agus do cheann aig croma anuas o leaba chruaig na Croise; glac truamheil anios d'anam do theirbhiseach ata aigsgarmhuint leis an saodhalso, is aig lorg coimirce ortsa; glac e ann do lamha, faisg e led chroi dhe, agus leig do e fein dfolach ann chun go mbeidh se cosanta air a namhuid, no go nimeoch fearg De tharis. Cuiramid comruidhe anama ann do lamha noch do chruithig agus do cheanaig tu; iaramid ort, na diultaig d'obair do lamha beannuidhthe.

O a Iosa Criost, do ceasag air an gCrois chun sinne dfuasguil, iaramid ort tred an ngradha san do thug anuas os na flathais tu, glac trudhmheil d'anam do sheirbhiseach, tabhair maitheamhnas do na pheacuidhe, agus tre luachd do ghear Phaise, sa sasaig air son a lochtuy, agus foirlion a lagachair led mhor throcuire; leig do anios a bheith fiosach air iomad do throcuire thruadhmheilioch, agus a bheith tuigsionach

air mhor mhaitheas an Tiarna. Tabhair do na grasa anios ata riachtanach chun dul ad lathair an uair do ghlaodhfe tu air. Tabhair do, impimid ort, fior fhoidhne agus a bheith lan shasda led thoil ro naomhtha ann a phianta agus a thrioblodidhe. Tabhair do pardun iomlan iona pheacuidhe, neartaig a chredeamh ; meaduig a dhochus, agus lion e le mor charthanachd, ionus le linn imighthe dho go nglacfuidhe anam ann do throcuire. O Fhuasgultheoir ghradhach, tre an mor eagcaoin pheanuidamhuil sin do rin tu air nCrois aig faghail bhais uirthe, an uair dobheic tu amach chun Tathar siorruidhe, impimid orf, teasbean trocuire dod sheirbhiseach bocht so, annusa naimsir dheanach so a mhor thriobloide, eist le osnuidhe agus mianuibh a chroidhe, agus an tan nach feidir leis anios labhairt air a shon fein, labhair si air a shon, impimid ort, oir is tu an Focul siorruidhe, agus an te na diultoig an Tathair aon nidhe air.

Tre do bhuadh air an mbas, agus luachd dochoimsithe do phaise, impimid ort, air son an tseirbhiseach so gan aon smuaite bheith agad ach smuainte sichana, trocuire, agus compoird, agus gan cuibhneamh air chradhnas na peanos do thabhairt do.

Neartuig e anaghaidh an uile neamhmhuinin agus eadochus ; saor e ona riachta nais, agus bi ad Chomporduidhe do annso triobloid mhor pheinamhuil seo. Leig do na lamha san, do spiocalag don Chrios roimhe seo, anios pledail air a shon, agus aig faghail pardun do, e threorugh asteach ann do shuaimhneas siorruidhe. Amen.

Torbhirt suas an Anama aig faghbail na Colla do.

A Thiarna, dein trocuire oruin.
A Chriost, dein trocuire oruin.
A Thiarna, dein trocuire oruin.
A naomh Mhuire,
A aingil agus Arcaingil uile,
A Abel naomhtha,
A Choradh na bhfiorein,
A Abraham naomhtha,
A Naomh Eon Baiste,
A Naomh Joseph,
A Phatriarcuibh agus fhaig uile,
A Naomh Peadair,
A Naomh Pol,
A Naomh Aindrias,
A Naomh Seadhan,
A Absdail agus Shoibhsgeuluidhthe naomhtha uile,
A Dheisgiobail naomhtha uile ar dTiarna,
A Neamhchionntaig naomhtha uile,
A Naomh Stiofan,
A Naomh Lauras,
A Mhartirig naomhta uile,
A Naomh Silvester,
A Naomh Gregoir,
A Naomh Austin,
A Easboig agus chonfesuiridhe naomhtha uile,
A Naomh Benedict,
A Naomh Proinsias,
A Mhanachaibh agus a Dhireochaibh naomhtha uile,
A Naomh Maire Magdalein,
A Naomh Lucy,
A Mhaighdionacha, agus a Bhaintreacha naomhtha uile,

(Tuig air, (uirtho.)

A Naoimh uile De, deinig eadarghuidhe air a shon, (son.)
Bi trocuireach, sparail e (i) O Thiarna.
Bi trocuireach, saor e (i) O Thiarna.
Bi trocuireach, glac e (i) O Thiarna.
Od' tfeirg fein,
O Dhainseur an Bhais,
O dhroch Chrioch,
O Phianta Ithfrinn,
O'n uile Olc,
O Chomhachta an Diabhail,
Tred' Bhreith fein,
Tred' Chrois, agus tred' Phais,
Tred' Bhas agus tred' Adhlacan,
Tred' Eiseirighe ghlormhar,
Tred' Dheasgabhail iongantach,
Tre Grasa an S. N. an comporduidhe,
La an Bhreitheamhnais,
Saor e (i) O Thiarna.
Sinne na Peacthaig, impimid ort eisdeachd lin.
Go sparala tu e, impimid ort eisdeacht lin.
A Thiarna, dein trocuire oruin.
A Chriost, dein trocuire oruin.
A Thiarna, dein trocuire oruin.

GUIDHMID.

Imig a Anam criostuil as an saodhalso, a nainim De an Tathair uile chomhachtach do chruithig thu ; a nainim Iosa Criost, Mac De bheo, dfulang bas air do shon ; a nainim a S. N. do naomhuig thu ; a nainim an nAingil, na nard Aingil agus na noird Ainglidhe mor chomhachtach uile ; a nainim bPatriarcaibh agus na bhFaigidhe, na nAbsdalaibh agus na Soibhsgeuluidhthe naomhtha, a nianim na Mairtirg agus na gConfesuridhe naomhtha, a nanim na Manachuibh agus na nDireochaibh naomhta, a nainim na Maighdionacha naomhtha, agus Naoimh uile De, go raibh tionad comhnaithe

aniubh ion sichain, agus taitraibh annsna Flaithis. Tre Chriost ar dTiarna. Amen.

A Dhia na trocuire, a Dhia na nuile mhaitheas; O Dhia, do thugan, tre iomad do throcuire, maitheamhnas na bpeacuidhe don muintir do bhion doilghiosach na dtaobh, agus do mhaitheas go grasamhuil na cionnta do rinadar roimhe sin, feuch go trocuireach air do sheirbhiseach anso N. agus tabhair do pardun iomlan iona pheacuidhe uile, oir ata se go ro dhian da iara ort. Ceartuig, O Athair, throcuireach, gach a bhfuil tuailidhthe ann tre lagachair na colan, no tre lionta a naomhuid; dein ball firineach dod Theampol De, agus leig do bheith pairteach ann tora tfuasguilt throcuireach. Bioch truadh agad, a Thiarna, da dheora agus da osnaidhe, agus leig e chun sacraimint do shichana, oir nil aon dochus aige ach ionutsa. Tre Criost air dTiarna. Amen.

Do bheirim suas tu a dhearbhrathair do Dhia na nuile chomhachta, agus fagbhuim tu fe na throcuire, os tu fein a chreatuir; ionus le diol na bhfiacha a coitchion, le tanam do thabhairt suas go m'fheidir leat casa air do Chruitheoir do chum tu as an gcre. Go ndeinidh cuibhdeachta mhor uasal na nAingil teachd a gcoine tanam le linn sgarmhuint led cholain; go nglaca an chuirt Apsdail tu ghlaca; go ndeinidh an armail chaithreimeach do Mhartirig glormhar do threorugh; go ndeine comhthionol na gConfesuiridhe solasach teachd ad thiomchiol; go dteibh coradh na Maighdionacha naomhtha reomhad amach; agus suaimhneas siorruidhe go bhfaghaidh tu a gcuibhdeachta na bPatriarc; go dteasbeana Iosa Criost a ghnuis duit go ceannsa luthghaireach, agus go dtuga se ionad duit iona

bhfochuir san ata le bheith an fhiadhnuise go siorruidhe. Go rabhair ad strainseir air an uile nidhe ata peanosuidhthe le doircheadas, smachtuidhthe le lasaracha, agus daor chun pianta. Go dteithe do namhuid mhalluidhthe uait mar aon leis no drioch spioroididhe eile : Go gcrithe se le linn tu d'fheicsin a gcuibhdeachta na nAingil, agus go nimighe se uait go di doinnsiun uathbhasach na hoidhche siorruidhe. Go ndeinidh do Dhia eirghidhe, agus do namhuid do chur chun teithe. Go dteithe gach dream d'fhuathuighean tu as do chomhair. Go sgaipidh siad mar dhiotach, agus mar cheir os comhair na teine ; mar sin go nimighe na peacaig as comhair De ; ach na fiorein, go raibh athas ortha agus iad seunmhar an fhiadhnaise. Go raibh ministeiridhe Ithfrinn lionta le sgeimhle agus naire reomhad, agus nach raibh se do dhanacht an aon droich Spioraid teachd reomhad sa tslidhe. Iosa Criost go bhfuasguluidhig thu, do ceasag ar do shon ; Iosa Criost go saora thu o'n mbas, noch do dheonag bas d'fhulang air do shon ; Iosa Criost, Mac an De bheo, go socruidhig tu iona ghardin Parthais ; agus go ndeine se sin an Treaduidhe firineach tu dhadmhail mar chionn da threadtha ; go sgaoile se thu od pheacuidhe uile, agus tu shocrugh air a dheas laimh ann oidhreacht na bhfiorein. Guidhmid da iara mar shonus adhbharach duit tFuasgultheoir dfheicsin aghaidh air aghaidh, bheith go brach os a chomhair, agus a radharc na firine sin ata a seilbh an dream beannuidhthe. Agus mar seo socruighthe a measg na Spioraididhe seunmhara san, go rabhuir go brach lionta le millseacht neamhdha, Amen.

Glac do sheirbhiseach O Thiarna anso nair shabhala mar ata aigne leis tred' throcuire, R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, o'n uile bhaol Ithfrinn agus o'n uile phein agus amhgur. R. Amen. Sabhail, O Hirna, anam do sheirbhiseach mar do shabhail tu Enoch agus Elias o bhas coitchion antsaoidhail. R. Amen. Sabhail anam do sheirbhiseach, O Thiarna, mar doshabhail tu Naoh o'n dilin. R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiceach, mar do shabhail tu Abraham as ceart lar na Caldeans. R. Amen. Sabhail O Thiarna do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Job ona chrosa is ono thrio' bloidihe. R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Isaac ona Athair do dheanamhidhbirt de. R. Amen. Sabhail, O Thigharna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Lot o Sodom, agus os na lasaracha teine. R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Maois o lamha Pharaob, Righe na hEgypt. R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Domhnal as uaigh na Leon. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu an triur leanaidhe as an bhforneis teine agus as lamha an Righe neamhthrocuireach. R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Susanna os na fidhnithe fallsa. R. Amen. Sabhail, O Thiarna, anam do sheirbhiseach, mar do shabhail tu Dabhi o amha Saul agus Goliah. R. Amen. Agus mar d'fhuasguil tu Peaduir agas Pol as priosun, mar sin deonaig anam do sheirbhiseach

so do shabail agus do bhreith leat ionus go mbeith se rannphairteach ann do sholasidhe beannuidhthe. Amen.

GUIGHMID.

Do bheirimid suas duit, O Thiarna, anam an tseirbhiseach so, agus impidhmid ort Iosa Criost, Fuasgultheoir an domhain, os tre throcuire dho do rin tu duine dhiot fein anios deonaig e ghlaca ameasg an dream beannuighthe. Cuimhnidh, O Thiarna, gur ab e do chreatuir fein e, is nach Dei fallsa do chruthig e, ach tusa an taon Dia firineach beo; oir nil aon Dia eile ach tu, nil aon d'fhiadhfioch do mhor bhuiltidhe si do dheana. Go bhfaghaidh anam compord ad lathair, agus na cuimhnidh air a pheacaidhe roimhe seo, na air chuid dona drochleachtuidhe sinn ann ar thuit se tre mhorneart pasiun agus truailidheacht. Oir ce gur pheacaidh se, air a shon san do choimead se creideamh firineach ionutsa, a Athair, Mhic, agus a S. N. do choimead se mian duthrachtach chum tonorasa, agus go thug se adhra dilis duitse a Dhia, agus a Chruihoir an uile ni. Na cuimhnidh, O Thiarna, impimid ort, air pheacaidhe agus neamheolus a oige; ach do reir do mhor throcuire cuimhnig air ann do ghloire siory. Go raibh na flathais osgilte do agus na hamgil a luachair leis. Glac O Hiarna anam do sherbhiseach an riocht. Go droridhe N. Micheal ard phrionsa na naingl e. Go dtanguidhe aingil De leis, agus e thavirt go cathair naomhtha na bhflathas. Go nglaca N. Peadair, an tabsdol e do fuair cocharacha rioch neimhe. Go dtuga N. Pol an tabsdol do bhi mar athrach beanuighthe comdhnadho. Go ndeinidh N. Eon, an Deisgiobal ghraach d'or fhoillsidheag run na bhflaithis guidhe

air a shon. Go ndeinidh na hAbsdail naovha uile do fuair comhachta ceangal agus sgaoile guiy air a hon. Go ndeinidh servisig naovtha agus toighte De go huile guidhe air a shon, iad son ainim ro naomhtha Chriost: Tar eis do bheith sgartha o'n gcorp truailidhthe seo, go nglactar asteach e ann riogheacht na bhflathas; tre chomhna agus luachd ár dTiarna Iosa Chriost do mhaireas agus do riaghluidheas mar aon leis an Athair, agus leis an Spioraid Naomh tre shaodhal na saodhal. Amen.

Tar eis imighthe don Anam, abair na hurnuidhthe seo mar leanus.

Taguig a naoiv uile De chun comhna leis; tanguidhig leis a Angil De uile, glaciadhe anam, agas tugaig anios e a lathair an Tiarna. Go nglacuig Iosa Criost tu, agus go dtreoruidhe na hAingil tu go di do ait suaimhnis; go nglaca siad anam, agus e thabhairt anois a lathair a Thiarna.

Resp. Suaimhaeas siorruidhe tabhair do, O Thiarna. Vers. Agus leig don solus siorruidhe soillsingh do.

Go dtuga siad e anois a lathair a Thiarna.

A Thiarna, dein trocuire oruin.

A Chriost, dein trocuire oruin.

A Thiarna, dein trocuire oruin.

Ar nAthair, &c.

V. Agus na leig sin a Temtasun.

R. Agus saor sinn o ole.

V. Suaimhneas siorruidhe tabhair do, O Thiarna.

R. Agus leig don solus siorruidhe soilsiugh do.

V. Uaidh gheataidhe Ithfrinn.
R. Saor anam, O Thiarna.
V. Go gcomhnuidhe se ihn siohan. Amen.
V. O Thiarna, eist m'urnuidhe.
R. Agus go racha m'osnadh ad lathair.

GUIGHMID.

Cuirimid, a Thiarna, anam do sheirbhsach N. fa'd choimirce, ionus iar na bheith dho mharbh don saolso, go mairfioch se duitse.—Agus gidh be peacuidhe do rin se tre lagachair na colna, impimid ann do mhor mhaitheas pardun do thabhairt do annta tred' mhortrocuire Tre Chriost ar d'Tiarna. Amen.

Anois mar chriochnuga, abair on urnuidhe seo shios do na Daoine laithreach.

Deonaig, O Dhia, an fhaid atamid anso aig golchas a daov bas do herbhisach, go smuaineodhmis ho bhfuilimid fein go ciute chun e leanmhuint. Tabhair duin grasa chun sinn fein d'ollavugh don uair deuach san le deabheatha do leanuint, ionus nach tiocfich an bas go hoban oruin, ach a bheith go brath air faire air an am 'na diocfe tusa aig glaoch orin go rachamis le ceile ar nanam asteach a nglore hiridhe. Tri Iosa Criost ar dTiarna. Amen.

LIODAIN NA MARBH.

A Thiarna, dein trocuire oruin.
A Chriost, dein trocuire oruin.
A Thiarna, dein trocuire oruin.
A Dhia, an Tathair naomhtha, dein trocuire air anamacha na bhfiorein d'fhag an saodhal so.
A Dhia, an Mhic, Fuasgultheoir an domhain, dein trocuire air anamnach nabhfiorein d'fhag an saodhalso.
A Dhia an Spioraid Naomh neart na bhfiorein dein trocuire air anamnach na bhfiorein d'fhag an saodhalso.
A Naomh Mhuire, guig ortha, air.

A Aingal naomhtha, agus ardaingil uile
A Phatriarcaidh agus Fhagibh naomtha uile
A Naomh Absdail, agus, a shuibhsgenluidhthe naomhtha uile
A Dheisgiobail naomhtha uile ar d'Tiarna,
A Mhartirig naomhtha uile
A Easbog agus a Chonfesuiridhe naomhtha uile
A Naomh uile De, deinig caradas doibh (do.)
Bi trocuireach, O Thiarna, agus tabhuir pardun diobh, do.
Bi trocuireach, O Thiarna, agus sparail iad, (e.)
O'd tfeirg agus o'd miphlesuire fein saor iad. O Thiarna,
O'n uile olc,
O Phianta Phurgadoireacht,
O'n nile amhgur agus fhulang sa tsaodhalso,
Tre'd mhorthrocuire,
Tre'd Chrois agus tre'd Phais
Tre'd Bhas agus tre'd Adhlacan,
Tre'd dhul sios go buadhach go Limbo,
Tre'd Eise righe glormhar,
Tre'd Dheasgabhail chaithreimeach,
Tre'd theacht an la dheanach aig tabhuirt breitheamhnus air ad gcine dhaona,
Sinne na Peacaig, impimid ort eis lin,
Go ndeonaigh tu a bpianta luighdiu, impimid, &c.
Go ndeonaigh tu aimsir a ndioalaidheacht do ghiorugha, impimid, &c.
Go nglaca tu le urnuidhthe agus deaghoibreacha na bhfiorein mar shasamh iona bpeacuidhe, impimid, &c.
Go ndeonaigh tu doibh a bheith gan mhoill rannphairteach ann so laisidne na bhflathcas, impimid, &c.

Greig air, (orthe)

Saoir iad, &c.

Agus go bhfaghmid fein na dhiadh so anuso seun agus mar aon leis an uile dream air neamh go m'feidir linn tainim do raomhugh agus do mhola, impir[illegible] &c. A Mhic De, impimid, &c.

Uain De, thogas peacuidhe an domhain, bi truadhbheileach dod sheirdhisig dfag an saodhalso.

Uain De, thogus peacuidhe an domhain, sparail do sheiribhisig dfag an saodhalso.

Uain De, thogus peacuidhe an domhain, dein trocuire air do sheirbhisig dfag an saodhalso.

V. O Thiarna, tabhair suaimhneas siorruidhe d'anamnachá bhfiorein dfag an saodhalso.

R. Agus leig don solus siorruidhe soilisugh orthe.

Guighmid.

O Dhia, Cruitheoir agus Fuasgaltheoir an domhain uile, impimid ort go umhal, pardun iomlan do thabhairt do sheiribh sig d'fad an saodhalso, ionus tre'd mhor mhaitheas, agus le comhna sh[illegible]dhe dhiadha go bhfhaighdis trocuire agus an bheatha shiorruidhe, ho mhairios aig riaghlugha an domhain, mar aon leis an Athair agus leis an Spriod Naomh, tre soadhal na soadhal. Amen.

Urnidhe d' aon duine omhair ia leith.

O Dhia d'ar be do chailiocht do ghnaith bheith trocuirach agus maitheamhnus do thabhairt uait, impimid ort go ro umhal trocuire dheanamh air anam do sheirbhiseach dfag an saodhalso. Na leig, O Thiarna Iosa Criost, idir lamha a namhuid, ach tabhair ordugha do na hAingil naomhtha e threorugh asteach go Parathas naomhtha a fhiorbhaile duchuis; ionus nach fulangeoch se pianta Ithfrinn, ach maireachduin go siorruidhe ad thochuir fein ion Riogheacht do ghloire; tre ar dTiarna agus ar Slanaightheoir Iosa Criost, Amen.

URNUIDHE EILE.

O Thiarna, bheirimid suas fa do thruadhbheil dochoimsithe, anam do sheirbhiseach dfag an saodhalso. Agus impimid ort tre oimad do throcuire, na peacaidhe ann ar thuit se tre lagachair na nadura, na tre mhor neart caithuidhe, ann Riogheacht do bheannathacht tre thora Pais agus Bais do Mhic gradhah. Amen.

FINIS.

☞ Take notice, dear Reader, that if you find any difficulty in reading this Book, on account of the mortified letters you meet [illegible]ly in every word, you can easily understand them [illegible]owing them in the underneath line, where every mortified letter is known by having H annexed to it; and the letter that such a mortified letter signifies, is placed under the same as thus :—

bh,	*dh,*	*fh,*	*gh,*	*mh,*	*ph,*	*sh,*	*th.*
v.	y.	o.	y	v.	f.	h.	h.

Cork:—Printed by Joseph Roche, 36, Cook-street.

LIBRARY
1979
OF TORONTO

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKE

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRAR

UTL AT DOWNSVIEW
D RANGE BAY SHLF POS ITEM C
39 10 08 05 01 001 7